



# Nóta Faisnéise Párolla

## Do

# Chúntóirí Riachtanais Speisialta

## (CRS)

***\*\*IS CEART AN NÓTA SEO A SCOITHEADH AGUS É A THABHAIRT DON CRS\*\****

***\*\*NÁ CUIR AN NÓTA SEO AR AIS IN ÉINEACTH LEIS AN bhFOIRM IARRATAIS\*\****

## Clár na nÁbhar

Réamhrá .....	3
Fostaíocht .....	3
Saoránacht AE .....	3
Cáilíochtaí .....	3
Tuarastal .....	4
Scéim Aoisliúntais do Chúntóirí Riachtanais Speisialta.....	4
Sochar Máithreachais / Uchtála .....	4
ÍMAT .....	5
An Muirear Sóisialach Uilíoch (MSU) .....	5
Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise ASC.....	6
ÁSPC a Ríomh .....	6
Creidmheas Incriminteach .....	7
Seirbhís i mBallstát AE eile .....	7
Ganníocaíocht / Ró-Íocaíocht Tuarastail .....	7
Athrú ar Mhionsonraí Pearsanta .....	7
Neamhláithreachtaí Gairide do Chúntóirí Riachtanais Speisialta.....	7
Saoire Bhreiteachta .....	8
Mionsonraí Teagmhála do Phárolla na mBall Foirne Neamh-Theagaisc.....	8

## Réamhrá

Is mian leis an Roinn Oideachais agus Scileanna d'aird a tharraingt ar roinnt mionsonraí a bhaineann le do phost mar Chúntóir Riachtanais Speisialta. Sa doiciméad seo, déantar faisnéis i ndáil le tuarastal agus asbhaintí a leagan amach go hachomair. Tá tuilleadh mionsonraí faoi sheirbhísí Párolla agus tuilleadh faisnéise ar fáil ar leathanach gréasáin na Roinne ag an nasc seo a leanas: <http://www.education.ie/en/Education-Staff/Services/Payroll-Financial/>

Maidir le do chonradh fostaíochta, is conradh é idir tú féin agus údarás bainistíochta na scoile ina bhfuil tú fostaithe. Tá na téarmaí agus na coinníollacha do SNAnna leagtha amach sna ciorcláin lena rialaítear saoire bhreiteachta, asláithreachta, saoire mháithreachais agus uchtála, agus scéimeanna eile atá ar fáil do SNAnna. Tá na ciorcláin sin foilsithe ar shuíomh gréasáin na Roinne [www.education.ie](http://www.education.ie) agus moltar duit eolas a chur ar mhionshonraí na gcorclán sin.

Tá foirmeacha iarratais i gcomhair scéimeanna, eolas maidir le scálaí tuarastail agus eolas faoi scéim iomarcaíochta na gCúntóirí Riachtanais Speisialta (SNA) ar fáil ar an láithreán gréasáin freisin [www.education.ie](http://www.education.ie) faoi na táib a bhaineann le Foireann Oideachais.

## Fostaíocht

Maidir le do chonradh fostaíochta, is conradh é idir tú féin agus údarás bainistíochta na scoile ina bhfuil tú ar fostaithe. **Chun críocha Párolla amháin**, is é **9599516K** uimhir chláráithe d'fhostóra.

Déanann An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta uaireanta a chionroinnt do scoileanna le haghaidh Cúntóirí Riachtanais Speisialta. D'fhéadfadh poist SNA a bheith iomarcach de réir mar a athraíonn riachtanais cúraim i scoileanna. Cuireann an Roinn scéim iomarcach i bhfeidhm do phoist SNA atá curtha ar iomarcaíocht. Anuas air sin, ón scoilbhliain 2013/2014, cuirtear socruithe dáilte breise i bhfeidhm do SNAnna. Cuireann an Roinn scéim le haghaidh uaireanta atá cailte i bhfeidhm do SNAnna ar a gcuirtear laghdú ar a n-uaireanta oibre freisin. Tá sonraí ar fáil ag [www.education.ie](http://www.education.ie)

## Saoránacht AE

Más rud é nach saoránach AE é nó í cúntóir riachtanais speisialta ní mór cóip dá chead/cead oibre a choimeád sa scoil. Mura bhfuil cead oibre aige/aici, níl an cúntóir riachtanais speisialta cáilithe chun tuarastal a fháil agus ní ceart foirm cheapacháin a chur faoi bhráid na Roinne.

## Cáilíochtaí

Is é an méid seo a leanas an bunchaighdeán oideachais atá ag teastáil don té a cheapfar don phost mar Chúntóir Riachtanais Speisialta:

1. Príomhcháilíocht QQI (FETAC) leibhéal 3 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí, NÓ
2. Íosmhéid de thrí grad D sa Teastas Sóisearach, NÓ
3. Comhionann.

Mura bhfuil an bunchaighdeán oideachais don phost ag an gceapaí molta, níl an duine cáilithe chun tuarastal a fháil agus ní ceart foirm cheapacháin a chur faoi bhráid na Roinne.

## Tuarastal

Íoctar an tuarastal uair sa choicís ar an Déardaoin. Clúdaíonn sé tréimhse 14 lá suas go dtí an Luan roimh dháta eisiúna an tuarastail, agus an lá sin san áireamh. Chun an pointe ar an scála atá á íoc leat a chinneadh, is ceart duit méid an phá chomhlán a iolrú faoi 26.09 chun an méid comhlán bliantúil a ríomh. – ba cheart é seo a chur i gcomparáid leis an gcioclán scála tuarastail is déanaí chun cinntiú go bhfuil tú ag fáil an ráta ceart tuarastail. Tá scálaí tuarastail ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne: [www.education.ie](http://www.education.ie). Roghnaigh Foireann Oideachais ar an Leathanach Baile. Ansin roghnaigh Párolla/Airgeadas ón liosta roghanna ar thaobh na lámhe deise den leathanach. Tá bunphá cúntóra riachtanais speisialta bunaithe ar scála incriminteach cúig phointe déag.

## Scéim Aoisliúntais do Chúntóirí Riachtanais Speisialta

Tá eolas ar an Scéim Aoisliúntais CRS ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne: [www.education.ie](http://www.education.ie).

Ní mór do gach iontrálaí nua foirmeacha dearbhaithe a chomhlánú ag tabhairt sonraí faoi aon phinsean seirbhíse poiblí a fhaigheann siad nó sonraí faoi fhostaíocht chomhuaineach i bpost eile san earnáil poiblí.

Tá sonraí cuimsitheacha maidir leis an Scéim Pinsin Aonair ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne agus ar shuíomh gréasáin na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ag [www.per.gov.ie/pensions](http://www.per.gov.ie/pensions).

## Sochar Máithreachais / Uchtála

Ag brath ar do thaifead ranníocaíochtaí ÁSPC, d'fhéadfadh sé go mbeidh tú i dteideal íocaíocht a fháil ón Roinn Coimirce Sóisialaí i leith asláithreachtaí faoi na Scéimeanna Saoire Máithreachais / Uchtála. Tá íoc tuarastail ag an Roinn Oideachais agus Scileanna le linn asláithreachtaí ar saoire mháithreachais / uchtála faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

(a Ní mór duit na héilimh riachtanacha ar shochar máithreachais / uchtála a dhéanamh chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí laistigh de na teorainneacha ama atá leagtha síos agus ní mór

duit cibé ceanglais a chomhlíonadh atá leagtha síos ag an Roinn sin mar choinníoll a ghabhann

le sochar a éileamh, agus

(b Déanfaidh an Roinn Oideachais agus Scileanna aon sochar atá dlite duit i leith asláithreachtaí den sórt sin a asbhaint go díreach ó do thuarastal.

Féadfar aon íocaíochtaí atá dlite duit ón Roinn Coimirce Sóisialaí i leith asláithreachtaí den sórt sin a ghnóthú trína n-asbhaint ó do thuarastal i gcás ina mainníonn tú na coinníollacha sin roimhe seo a chomhlíonadh. Chun comhlíonadh an méid sin thuas agus comhlíonadh na rialachán maidir le saoire mháithreachais / uchtála a chinntiú, d'fhéadfadh sé go mbeidh ar an Roinn Oideachais agus Scileanna teagmháil a dhéanamh leis an Roinn Coimirce Sóisialaí chun a fháil amach cad iad na híocaíochtaí a dhéantar leat, cén uair a dhéantar iad agus cad é méid agus ré na n-íocaíochtaí sin. Ní úsáidfear an fhaisnéis a gheofar ón Roinn Coimirce Sóisialaí ach amháin chun na gcríoch sin roimhe seo agus ní nochtfar í d'aon duine neamhúdraithe.

# ÍMAT

Ciallaíonn an téarma ÍMAT Íoc Mar a Thuillir. Is modh asbhainte cánach é an córas ÍMAT faoina ndéanann an soláthraí párolla aon cháin atá dlite a ríomh agus a asbhaint gach uair a dhéantar íocaíocht tuarastail.

Mura bhfuil *Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP)* agat (de ghnáth sa chás gurb é seo an chéad fhostaíocht duit in Éirinn), ba chóir duit dul i dteagmháil leis an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí (RGFCS).

Nuair a bheidh uimhir UPSP agat, iarrfaidh an Rannóg Pá *Fógra Próiseála Ioncaim (FPI)* ó na Coimisinéirí Ioncaim ar do shon. Nuair a aisghabhfar é, bainfear úsáid as an bhfaisnéis ar an FPI chun an asbhaint cánach ar do thuarastal a ríomh san fhostaíocht seo.

**Mura féidir leis an Roinn seo FPI a aisghabháil duit, gearrfar cáin ort ag rátaí éigeandála. D'fhéadfadh cáin iomarcach a bheith mar thoradh ar cháin éigeandála. Is chun do leasa é a chinntiú go leithdháileann tú creidmheasanna cuí agus scoithphointe chuig d'fhostaíocht chun go seachnófar an iomarca cánach. Is féidir é sin a dhéanamh trí chlárú do sheirbhís ar líne na gCoimisinéirí Ioncaim, myAccount, ar [www.revenue.ie](http://www.revenue.ie) agus d'Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP) agus d'Uimhir Párolla a lua.**

**Nuair a gheobhaidh an Roinn seo do FPI carnach, déanfar aon cháin iomarcach a asbhaineadh, laistigh den bhliain chánach reatha (1 Eanáir-31 Nollaig), a aisíoc leat tríd an bpárolla ar choinnioll go bhfanfaidh tú ar phá.**

Meabhraítear duit gur chóir duit do FPI a scrúdú ar myAccount chun a chinntiú go bhfuil sé ceart maidir le do chúinsí. Ní féidir leis an Roinn Oideachais agus Scileanna sonraí cánach a athrú i gcás aon cúntóir riachtanais speisialta agus ní mór di gníomhú ar threoir cánach ó na Coimisinéirí Ioncaim.

Ríomhtar cáin ar olltuilleamh lúide asbhaintí réamhchánach (e.g. pinsean). Íoctar cáin ag an ráta caighdeánach (20%) suas go dtí an scoithphointe ráta chaighdeánaigh (SPRC). Gearrtar cáin 40% ar thuilleamh os cionn an scoithphointe ráta chaighdeánaigh.

## An Muirear Sóisialach Uilíoch (MSU)

Tháinig an Muirear Sóisialach Uilíoch (MSU) i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 2011. Tá sé iníoctha i leith ioncaim chomhláin sula ndéantar ranníocaíochtaí pinsin agus is mar a leanas atá rátaí caighdeánacha MSU:

0.5% ar ioncam suas go dtí agus lena n-áirítear €12,012.00  
2.0% ar €12,012.01 go €19,874.00  
4.5% ar €19,974.01 go €70,044.00 agus  
8% ar €70,044.01 agus níos mó ná sin.

Tá tuilleadh faisnéise faoi ÍMAT agus MSU ar fáil ar láithreán gréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim [www.revenue.ie/en/tax/usc/index.html](http://www.revenue.ie/en/tax/usc/index.html)

## Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise ASC

Ón 1 Eanáir 2019, cuireadh ranníocaíocht bhuan pinsin an ‘Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise’ (ASC) in ionad na hAsbhainte a Bhaineann le Pinsean (PRD). Go ginearálta, bíonn an íocaíocht ASC a dhéanann fostaí sa tseirbhís phoiblí níos ísle ná an íocaíocht PRD a bheadh le déanamh ag an bhfostaí sin.

Murab ionann agus PRD, ní bhaineann ASC ach amháin le fostaí sa tseirbhís phoiblí atá mar bhall de scéim pinsin seirbhíse poiblí agus tá sé inmhuirir i leith ioncam inphinsin. Ciallaíonn sé sin, murab ionann agus PRD, nach mbíonn ioncam amhail liúntais neamh-inphinsin agus ragobair neamh-inphinsin faoi réir ASC de ghnáth.

Déantar ASC a ghearradh ag rátaí éagsúla ag brath ar leibhéal ioncain, ar an scéim pinsin agus ar théarmaí pinsin, agus tá díolúintí i bhfeidhm i gcás ioncain atá faoi leibhéal áirithe. Tá leibhéal díolúine shealadacha i bhfeidhm do 2019, agus beidh sraith bhuan de leibhéal díolúine i bhfeidhm ó 2020 ar aghaidh.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ag an nasc seo a leanas: <https://www.gov.ie/ga/policy-information/a97614-public-service-pensions/?fl=en%23additional-superannuation-contribution-asc>

## ÁSPC a Ríomh

Is é atá in ÁSPC ná cineál árachais shóisialaigh atá á riaradh ag an Roinn Coimirce Sóisialaí. Tá ÁSPC iníoctha ag fostaí agus ag fostóirí araon agus bíonn rátaí éagsúla ÁSPC iníoctha ag an dá pháirtí agus sin ag brath ar an tslí ina bhfuil fostaí aicmithe sa chóras ÁSPC agus ar an méid a thuilleann siad.

Asbhaineann fostóirí ÁSPC ó thuarastail na bhfostaithe agus cuirtear chuig an Ard-Bhailitheoir é in éineacht le cáin ioncain agus MSU a asbhaintear faoin gcóras ÍMAT. Is é an Roinn Coimirce Sóisialaí, seachas na Cigirí Cánach, a riarann ÁSPC, áfach. Tugann ÁSPC nó ranníocaíochtaí árachais shóisialaigh a íocann fostaí teidlíocht do na fostaí chun sochair éagsúla árachais a fháil.

Tá bileog faisnéise (**SW14**), ina leagtar amach na haicmí éagsúla ranníocaíochtaí ÁSPC, ar fáil ón Roinn Coimirce Sóisialaí. Is ceart aon cheisteanna faoi na sochair atá iníoctha a dhíriú chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí. Tá bileoga faisnéise faoi na sochair atá iníoctha ag an Roinn Coimirce Sóisialaí ar fáil ar a láithreán gréasáin: [www.welfare.ie](http://www.welfare.ie)

Tá gach Cúntóir Riachtanais Speisialta curtha ar an bpárolla agus ráta ÁSPC Aicme A (nó Ráta Aicme J, más os cionn 66 atá sé/sí) aige/aici agus déantar a ranníocaíocht choicisiúil a asbhaint dá réir. Beidh do rang ÁSPC ar do dhuillín pá. Nuair a fhaigheann tú do dhuillín pá, cinntigh go bhfuil do Aicme ÁSPC ceart. Má tá sé mícheart, ba chóir fógra scríofa a fháil ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí maidir leis an Aicme ÁSPC cheart agus ba cheart é a chur ar aghaidh chuig Párolla na NTS. Nuair a gheobhaidh tú an fógra seo leasófar do Aicme ÁSPC.

## Creidmheas Incriminteach

Chun dul chun cinn a dhéanamh ar an scála tuarastail incriminteach, d'fhéadfadh sé go dtabharfar creidmheas incriminteach do SNAnna i leith taithí iomchuí. Déantar mionsonraí faoin tslí ina n-oibríonn an Scéim Creidmheasa Incrimintigh agus na nósanna imeachta a ghabhann le hiarratas ina leith sin a leagan amach i gCiorclán 139/2006.

## Seirbhís i mBallstát AE eile

Leagann ciorclán 49/2016 amach sonraí maidir le socruithe chun iar-sheirbhís i bpost den chineál céanna sa stát seirbhís i mBallstát AE eile a aithint.

Is féidir le CRSanna a fhreastalaíonn ar iontrálaithe iar-1 Eanáir 2011 agus a bhfuil seirbhís SNA acu roimhe sin i bpost comhchosúil i seirbhís phoiblí Ballstáit eile den AE iarratas a dhéanamh anois go ndéanfar measúnú ar thréimhsí seirbhíse roimhe sin chun an scála tuarastail cuí is iníoctha a chinneadh.

Déantar é seo tríd an bhfoirm iarratais atá ag gabháil leis an gCiorclán atá nasctha thíos a chomhlánú.

[https://www.education.ie/en/Circulars-and-Forms/Active-Circulars/cl0049\\_2016.pdf](https://www.education.ie/en/Circulars-and-Forms/Active-Circulars/cl0049_2016.pdf)

## Ganníocaíocht / Ró-Íocaíocht Tuarastail

Tá sé an-tábhachtach a chinntiú go bhfuil an pointe ceart ar an scála tuarastail á chur i bhfeidhm maidir leat féin. I gcás ganníocaíochta tuarastail, tabharfaidh an Roinn aisíocaíocht duit de réir an ráta chirt agus íocfaidh sí aon riaráistí a bheidh fabhráithe i do leith. I gcás ró-íocaíochta/ tuarastail, gheobhaidh an Roinn aisíocaíocht i leith na ró-íocaíochta uaitse. Féach Ciorclán Pá 84/2015. Tá an ciorclán sin ar fáil i do scoil agus ar shuíomh gréasáin na Roinne:

<http://www.education.ie>.

## Athrú ar Mhionsonraí Pearsanta

Chun críocha cosanta sonraí, **ní mór gach athrú ar mhionsonraí pearsanta a thíolacadh i scríbhinn agus ní mór an scríbhinn sin a shíniú.** Luaigh d'Uimhir Phárolla / UPSP le do thoil mar aon leis an athrú beacht atá á iarraidh. I gcás athrú ainm, iarrtar ort cóip den deimhniú iomchuí a chur ar fáil. Is ceart an fógra a dhíriú chuig Párolla na mBall Foirne Neamh-Theagaisc, Rannóg Párolla, an Roinn Oideachais agus Scileanna, Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí.

## Neamhláithreachtaí Gairide do Chúntóirí Riachtanais Speisialta

De bhreis ar a dteidlíochtaí reachtúla, ní fhéadfaidh Cúntóirí Riachtanas Speisialta saoire a ghlacadh ach amháin de réir Chiorclán Neamhláithreachta Achomair CRS 32/2010, atá ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne ag [www.education.ie](http://www.education.ie)

## Saoire Bhreiteachta

I gcás asláithreachtaí a mhaireann níos mó ná 2 lá, ní mór do Chúntóirí Riachtanais Speisialta Deimhniú Dochtúra a thíolacadh d'údarás bainistíochta na scoile. I gcás asláithreachtaí a mhaireann níos mó ná 6 lá, ní mór an chéad Theastas Breoiteachta / Díobhála (IB1/ Deimhniú ar Éagumas chun Oibre) a bheith in éineacht leis an Deimhniú Dochtúra. Is ceart don scoil na hasláithreachta saoire breoiteachta a iontráil sa Chóras Éileamh Ar Líne agus is ceart an chéad Theastas Breoiteachta / Díobhála (IB1/ Deimhniú ar Éagumas chun Oibre) a chur ar aghaidh chuig Párolla na mBall Foirne Neamh-Theagaisc (NTS) gan mhoill mar nach mór go sroichfidh sí an Roinn Coimirce Sóisialaí laistigh de 7 lá ó thosach an tinnis. Leanfaidh cailleadh tuarastail as mainneachtain na ceanglais sin a chomhlíonadh.

Tá tuilleadh faisnéise faoi na nósanna imeachta maidir le Sochar Tinnis/Díobhála a éileamh ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne <http://www.education.ie/en/EducationStaff/Services/Payroll-Financial/Payroll-Services-and-Information.html>

**Tugadh isteach scéim nua, Scéim Saoire Breoiteachta Seirbhíse Poiblí, a bhfuil feidhm aici i leith Cúntóirí Riachtanais Speisialta (SNAnna), ó 1 Meán Fómhair 2014. Tá na sonraí leagtha amach i gclárán 0054/2015, atá le fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne ag [www.education.gov.ie](http://www.education.gov.ie)**

## Mionsonraí Teagmhála do Phárolla na mBall Foirne Neamh-Theagaisc

Ríomhphost: [ntspayroll@education.gov.ie](mailto:ntspayroll@education.gov.ie)

Teileafón: (090) 6484136 nó más ag cur scairt ó Bhaile Átha Cliath atá tú (01) 8896400 Folíne 4136

I scríbhinn: Párolla na mBall Foirne Neamh-Theagaisc,  
Rannóg Párolla,  
an Roinn Oideachais agus Scileanna,  
Corr na Madadh,  
Baile Átha Luain,  
Co. na hIarmhí

## Suíomhanna Greásáin Úsáideacha :

<a href="http://www.education.ie">www.education.ie</a>	An Roinn Oideachais agus Scileanna
<a href="http://www.per.gov.ie/pensions">www.per.gov.ie/pensions</a>	An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
<a href="http://www.revenue.ie">www.revenue.ie</a>	Na Coimisinéirí Ioncaim
<a href="http://www.welfare.ie">www.welfare.ie</a>	An Roinn Coimirce Sóisialaí